Gaeltacht Mhúscraí

# Beannachtaí na Cásca oraibh go léir



Comharchumann Forbartha Mhúscraí

Údarás na Gaeltachta

Gaeltacht na hÉireann

gteic @BÉAL ÁTHA AN GHAORTHAIDH

Grá Mhúscraí

## IONAD ÓIGE, CÚIL AODHA

**Cruinniú Cinn Bhliana**

Annual General Meeting

**17ú Aibreán (17.04.24) @7.30pm**

**Plean 5 Bliana, Athbhreithniú #1**

Five Year Plan, Review #1

**Cúrsa Ceannaireachta + Cúrsaí aisaitheoireachta**

Leadership Course +Facilitation Course

**Clubanna Óige**

Youth Clubs

**Tuilleadh eolais, déan teangmháil linn**

For further information contact Caroline

**Cúrsa Fiontraíochta /Cumasú TÚS + FÁS**

Women's START+ GROW Course

**Seoladh GTEIC 3ú Bealtaine**

Launch, GTEIC, 3 May 2024

**Má tá spéis agat , déan teagmháil linn**

If you are interested contact Caroline

**Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide**

Local Climate Action Plan for Múscraí

**Má tá spéis agat bheith páirteach ann, déan teagmháil linn**

If you are interested contact Caroline


Déan teagmháil le
Caroline Ní Nualláin
Gteic, 083 1915432
eolas@muscrai.org

gteic
@BÉAL ÁTHA AN GHAORTHAIDH

**www.muscrai.org/spas oifige**




## MNÁ NA GAELTACHTA
## MNÁ MHÚSCRAÍ



Seoladh/Launch
3ú Bealtaine
(3rd May)
**10.30- 12.00**

**Bhanfhiontraíocht**
**Women in business**
**TÚS : Start**
**FÁS: Grow**

INNOVATION HUBS GALWAY - MAYO

ATU Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh Atlantic Technological University

Údarás na Gaeltachta

Rubicon

MTU Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan Munster Technological University

gteic @BÉAL ÁTHA AN GHAORTHAIDH

# Mná Mhúscraí

Gaeltacht Mhúscraí

## Cad is é EMPOWER Cumasú?

Is clár seo atá dírithe ar Bhanfhiontraithe i gceantair Ghaeltachta Mhaigh Eo, na Gaillimhe, Dhún na nGall, Chiarraí, Chorcaí, na Mí agus Phort Láirge. Díreoidh an clár seo ar na dúshláin shonracha a chuireann bacanna ar mhná atá i mbun gnó agus cabhróidh sé leo deiseanna a thapú chun na gnóthaí sin a fhás agus a fhorbairt. Beidh an clár á reáchtáil i gcomhar le Moil Nuálaíochta agus le hOllscoil Theicneolaíochta an Atlantaigh (ATU) agus Ionad Rubicon MTU i gCorcaigh ait ina bhfuil an-thaithí acu ag seachadadh cláir le haghaidh fiontraithe sa réigiún.

Tuilleadh eolas, téigh chuig

## What is EMPOWER?

The EMPOWER Cumasú Programme is a Female Entrepreneur Programme targeted at female entrepreneurs living in the Gaeltacht areas of Galway, Mayo, Donegal, Cork, Kerry, Meath and Waterford. This programme plans to address specific challenges that hinder females and will help to fast track female-led businesses.

It will be delivered by the ATU Innovation Hub in conjunction with the MTU Rubicon Centre in Cork, who both have a successful track record in delivering entrepreneurship programmes across the region.

Check out www.empowerprogramme.ie and Fb.me/EMPOWERHer.ie for details

Déan teagmháil le Caroline,
GTEIC   083 191 5432
eolas@muscrai.org




Ceantair Ghaeltachta Mhaigh Eo, na Gaillimhe, Dhún na nGall, Chiarraí, Chorcaí, na Mí agus Phort Láirge.

Gaeltacht Mhúscraí

## CUMASÚ TÚS

**Cén áit**

Á sheachadadh san Iarthar/ Iar-thuaisceart agus Deisceart/ Iar-Dheisceart.

**Dírithe ar**

Gnólachtaí luathchéime a threorú ag mná (níos lú ná 18 mí sa ghnó).

**Amlínte**

Uair sa tseachtain thar tréimhse trí mhí maraon le líonrú agus meantóireacht (ar líne agus i bpearsa).

**Cuspóir**

Muinín a chothú, bheith ag smaoineamh go cruthaitheach, díriú ar an phróiseas chun gnó a thosú, cur i láthair a dhéanamh agus plean gnó a fhorbairt. Spreagfar gréasán gnó agus spreagfar pobal do ghnóthaí nua

## CUMASÚ FÁS

**Cén áit**

Á sheachadadh san Iarthar/ Iar-thuaisceart agus Deisceart/ Iar-Dheisceart.

**Dírithe ar**

Dírithe ar mhná atá ag treorú gnó (le 18 mí nó níos mó) atá ag saothrú ioncaim, a thuigeann luach tairisceana agus atá ag iarraidh méadú de réir scála agus fás.

**Amlínte**

Lá amháin sa mhí thar tréimhse 11 mí (ar líne agus i bpearsa).

**Cuspóir**

Gréasán láidir de cheannairí gnó atá ar aon intinn a fhorbairt sa Ghaeltacht atá ag iarraidh scálú agus foghlaim ó lucht gnó le taithí.

Gaeltacht Mhúscraí

## EMPOWER START

### Where
Delivered in the West / North West and South / South East.

### Aimed at
Early Stage female-led businesses (less than 18 months in business).

### Timelines
Once a week over three months plus networking and mentoring (online and in person).

### Objective
To gain confidence, think creatively, go through start-up process and develop pitch and business model. Networking will be encouraged and a start up community will be created.


## EMPOWER GROWTH

### Where
Delivered in the West / North West and South / South East.

### Aimed at
Female led businesses (in business 18 months +) who are revenue generating and understand value proposition and looking to scale and grow.

### Timelines
One day per month over 11 months (online and in person).

### Objective
To build a strong network of like-minded CEOs in the Gaeltacht regions who are looking to scale and learn from experienced business people.


Coiste Scrín Naomh Ghobnait
Paráid na dTarracóirí/Gluaisteáin/Rothair
Imeachtaí Nua do 2024
Trucailí & Rothair (bealach 25k)
Siúlóirí (bealach 8k, oiriúnach do chlann)
Tarracóirí Leanaí (700m @3 i.n ar Slí Bhriain)
NB: Ní bhainfidh an táille iontrála le siúlóirí nó tarracóirí leanaí, ach beidh fáilte roimh tabhartais
Iontráil €25
Bealach 25k
Dé Domhnaigh 7ú Aibreán 2024
Ceol in Ostán Ghobnatan
Ostán Ghobnatan
Clarú ó 9.30r.n
Baile Mhúirne Ag imeacht ag 12.00
Lón ar fáil
Rachaidh an t-airgead go léir chun Scrín, Tobar agus Reilig Naomh Gobnait a chothabháil
Breis eolas ó:
(087) 2579302 nó (087) 2021511


OÍCHE BINGO
BÍGÍ LINN DO OÍCHE IONTACH BINGO CHUN TACÚ LE SCOIL CHÚIL AODHA BARR D'INSE
Dé hAoine 12ú Aibreáin 7 pm
CLUICHÍ | DÚISEANNA | CRAIC!
Dóirse oscailte ag a 6.30pm
Jackpot €100
Údarás na Gaeltachta
Halla Chúil Aodha
Plean Teanga Mhúscraí
Comharchumann Forbartha Mhúscraí


Tóraíocht na Càsca
Easter Egg Hunt
Eagraithe ag Ballyvourney TidyTowns
Cathain: Domhnach Cásca
When: Easter Sunday
Am: 12.30in - 1.30in
Time: 12.30 - 1.30pm
Áit: Páirc Peile Choláiste Ghobnatan, Baile Mhúirne
Where: Choláiste Ghobnatan Pitch
Costas: €5 an leanbh
Price: €5 per child
BOOK NOW


Cumann Peile Cill na Martra
Lámh Lachtaín
Comórtas Peile na Gaeltachta 2024
Dé hAoine 31ú Bealtaine – Dé Luain 3ú Meitheamh
Lóistín Ag Teastáil!
• Lóistín ag teastáil don Aoine, Satharn agus Domhnach
• Bricfeasta éadrom amháin le tabhairt
• Íocfar ráta €30 PP/PN
Cabhraigh linn agus cláraigh do leapacha le:
Michelle: 086-1010516
Louise: 087-6471903


Cumann Peile Cill na Martra
Lámh Lachtain
Comórtas Peile na Gaeltachta 2024
Friday 31st May – Monday 3rd June
Accommodation Wanted!
• Accommodation required for Friday, Saturday & Sunday
• Continental Breakfast only required
• €30 PP/PN will be paid to hosts
Help support us by registering your accommodation:
Michelle: 086-1010516
Louise: 087-6471903

# ÚASDÁTÚ
# FEACHTAS - COMHARTHAÍ BÓTHAIR
# CAMPAIGN UPDATE - ROAD SIGNAGE

## GUTH AN PHOBAIL

Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine

**Sheolamar litir chuig an Chomhairle Contae le déanaí ag lorg úasdátú fé na comharthaí bóthair nua atá beartaithe don cheantar. Tuigimid go léir go bhfuil seasúr na turasóireachta linn anois, agus beidh na míIte ar an tslí go Cill na Martra i gceann cúpla mí anois.**
**Dúirt síad....go bhfuil na comharthaí réidh ach caithfidh siad na seastáin a shocrú fós. Ní raibh sé in ann am-scála a thabhairt dúinn ach beidh eolas níos fearr acu i gceann míosa.**




Draft MOCK-UP SAMPLE
. Changes being made to about 12 signs

We contacted the Council to get an update on the new signage as we are all aware that the tourist season is upon up and Comórtas Peile na Gaeltachta is just around the corner. The reply is that the signs are ready but the support structures are just being assessed and they will not be able to give us a timescale for when the signs will be up until early May.

## 250,000e ar fáil don Scéim nua Maighchromtha- Baile Mhúirne 'Active Travel Project'

**Beidh an scéim seo dírithe ar an 'sean' N22.. Beidh siad ag lorg tuairimí ón bpobal i mí Aibreán. Níl an t-eolas ar fáil go fóill**

**This 'Active Travel Project' will be focussed on the 'old' N22 between Macroom and Baile Mhúirne. There will be a call for people to submit ideas about this in April/May.**

**Tá sé deacair an t-eolas a aimsiú ar líne ach is iad na comhairleoirí Fehily Timoney:**
**It is difficult to find the information online but the consultants on the project are Fehily Timoney.**
**info@ftco.ie**
**+353 21 496 4133**

## Scéim Rural Futures:
## 50,000e do Shlí na Gaeltachtacha (Gúgán) & Slí an tSuláin (Baile Mhúirne)

**Beidh 26.800E ar fáil do Shlí na Gaeltachta agus 25.900E ar fáil do Shlí an tSuláin .**

**Frim the fund Our Rural Futures, the sum of 29.8k has been granted to Slí na Gaeltachta agus 25.9k to Slí an tSuláin. This w**



# COMHALTAS COSANTA GAELTACHT CHÚIL AODHA

## CRUINNIÚ POBAIL

## Dé Domhnaigh, 14ú Aibreán ag 11r.n.

## Ionad Óige Dónal Ó Liatháin

Tá linn snámha, halla pobail, ionad óige agus páirc imeartha i gCuil Aodha agus is iontach na h-áiseanna iad san i bpobal beag - agus bríomhar - cosúil linne. Tá sé ceart go mbeimís buíoch dos na glúinte romhainn a d'oibrigh go dian chun iad a chuir ar bun.

Cad is féidir linne, an ghlúin seo, a dhéanamh chun todhchai níos fearr a chinntiú don dream a thagann inár ndiaidh, ár bpáistí féin agus a sliocht siúd?

Tá sé thar a bheith tabhachtach, gan amhras, stádas Gaeltachta an phobail seo a shlánú agus a fhorbairt.

Tá na seomraí ranga agus an suíomh ar a bhfuil siad ag luí gan úsáid le tamall de bhlianta anois ón am go mbíodh na Coláistí Samhraidh i gCúil Aodha. Cad a bhféadfaí déanamh leo chun go mbeadh leas le baint ag muintir Chúil Aodha astu?

Ar cheart iad a leagadh agus tithíocht a fhorbairt ar an suíomh a bheadh ar fáil do theaghlaigh óga ón gceantar chun an Ghaeltacht seo a neartú? Ar cheart iad a athchóiriú le go mbeadh fiontar ar nós Coláiste Gaeilge nó imeachtaí eile ar siúl sa cheantar arís?

Cad é atá ag teastáil i gCúil Aodha chun an pobal seo a thabhairt slán agus todhchaí níos gile a chinntiú dos na glúinte atá le teacht?

Ceisteanna iad seo a bheidh á phlé ag cruinniú a thionólfar san Ionad Óige i gCúil Aodha ag 11rn tar éis aifrinn ar an Domhnach, 14ú Aibreán.

Tá fáilte á fhearadh ag Comhaltas Cosanta Gaeltacht Chúil Aodha rómhaibh bheith i páirteach sa phlé seo?

Cúil Aodha is a Gaeltacht village with facilities which are the envy of many other communities - a swimming pool, community hall, youth facility and playing field. It's only right that we're grateful to those in previous generations who worked so hard to put these facilities in place.

But what can we do now to make Cúil Aodha better equipped for the future, to make our community stronger and maintain our Gaeltacht status and spirit?

The prefabs/classrooms on the eastern side of the village have not been in full use for many years, since the days when Coláiste Gaeilge Chúil Aodha was in full swing. What should we do with them?

Would the site be suitable for housing which could provide homes for young families from the area? Should we consider refurbishing the facility to restore a venture such as the Coláiste Gaeilge or something similar? What would be the best option for Cúil Aodha? What do we need in the community?

These questions will be discussed at a meeting being convened in the Ionad Óige in Cúil Aodha on Sunday, April 14, at 11am. Béidh fáilte romhaibh bheith páirteach sa phlé ag an gcruinniú.



# Clubann Óige i Múscraí



Grúpa mór ag scátáil ag an Nollaig & Club Bhéal Átha an Ghaorthaidh agus Club Óige an tSuláin ag Céilí i gCúil Aodha

## Club Óige an tSuláin:

Tá 100 ball cláraithe ag an gclub i mbliana. 86 duine ó Bliain 1-3 agus 14 duine níos sine. Ard-mholadh tuillte ag na daoine óga. Bhí 'sleep out'acu ar son Focus Ireland anuaraidh agus beidh siad ag déanamh siúlóid ar son dhá charthanach i mbliana. Tá na tuismitheoirí an ghníomhach agus tá coiste breá bríomhar ann.

There are 100 young people registered. 86 in Year 1-3 and 14 older members. The young people are really behaved and they had a sleep-out for Focus Ireland last year and are organising a sponsored walk for 2 charities this year. Great support from parents and a very active committee. Congradulations. It is very much needed.



## Club Óige Bhéal Átha an Ghaorthaidh

Tá an club ag dul ó neart go neart. Bhí clár leathan imeachtaí ag an gClub Óige i mbliana, ina measc, ceardlann le Bernard Casey,turasanna chuig an cinema,babháil, céilí, dioscó, srl.. Beidh Oíche Chlárúcháin ar siúl don bhliain seo chugainn an 12ú Aibreán 2024. The Club Oige is going from strength to strength. It had a really great programme of activities this year including workshops with Bernard Casey, trips to the cinema, bowling, discos, céilí, srl..

The Registration night for Sept 2024 will take place on the 12th April.

**Congradulations to the voluntary committee for all their work.**





Nuacht ó Chlub Óige an tSulain

**Coiste na nÓg**

Tá áthas orm a rá gur toghadh an 1ú coiste oige a bhí againn ar an 2ú Feabhra agus tá siad gnóthach ag pleanáil imeachtai nua don chlub. Tá sé an-tábhachtach go mbeadh guth na ndaoine óga le cloisteáil sa chlub agus seo an chéad chéim mhór ar an mbóthar seo. Is iad an coiste óige nua ná: Matilda Ni Luanaigh, Amy Ni Cheilleachair, Culann O' Murchu, Dillion O Mathuna, Traolach O Riordáin, Siobhan Ni Bhrian, Keely Ni Dhuinnin, Katie Ni Chonaill, Caireann ni loingsigh, Béibhinn ni loingsigh agus Aifric Cussen. Nil ach duine amháin againn ón gcéad bhliain ar an choiste faoi láthair agus táimid ag súil go mbeidh níos mó páirteach ann. Má tá suim agat páirt a ghlacadh cuir téacs chuig guthán an chlub.

**Club Crest/Lógó**

Shocraigh coiste na nóg suaitheantas an chlub a tharraingt arís.

Mar sin táimid ag lorg gach smaoineamh le haghaidh suaitheantas/lógó nua. Is féidir na pictiúir go léir a sheoladh chuig an chlub r-phost: Cluboige-antsulain1@gmail.com nó whats app chuig an club fón nó a thabhairt do coiste na nóg.

Nuair a bheidh suaitheantas/lógó nua socraithe againn féachfaidh Coiste na nóg ar gheansaithe nó t-léinte club a fháil.

**Ceilí Mor sa Halla**

**Dáta:** Dé hAoine 15ú Márta 8.30 go 10.30

Beidh daoine óga as Beal Átha, Neidín, Cill Garbhán agus club óige Tousist in éineacht linn ar an oiche. Anuraidh bhí thart ar 50 duine óg againn a bhain an-taitneamh as an oiche agus mar sin táimid ag dul níos mó agus níos fearr trí cuireadh a thabhairt do na clubanna eile a bheith linn. Tá súil againn go mbeidh os cionn 150 duine óg i láthair. Is é Alan O Riordáin a rinne an job iontach anuraidh a bheidh mar fhear an tí ar an oiche arís.

Ag ullmhú don oiche beidh rang rince céilí ar siúl ag Alan ar an Máirt an 5ú agus an Chéadaoin 13ú Márta, beidh an-spraoi acu agus tá súil againn go mbeidh oiread agus is féidir in ann freastal orthu.

**Ranganna Féinchosaint/Déileáil le Bulaíocht**

Dáta: 1ú bliain Dé hAoine 1ú Márta

2ú/3ú bliain Dé hAoine 22ú Márta

Tony Stephenson ( west cork kickboxing club). Gach eolas ar grúpa whats app.

**Turas campála thar oíche go West Cork Secret**

**Dáta:** Dé hAoine 10 Bealtaine go Satharn 11ú Bealtaine.

An plean a bheidh ann dul síos Dé hAoine agus b'fhéidir siúlóid nó gníomhaíocht ghearr eile a dhéanamh. Cuirfear pubaill ar fáil. Ansin maidin Dé Sathairn déan an phríomhghníomhaíocht agus téigh abhaile tráthnóna. Tuilleadh sonraí faoi ghníomhaíocht agus cad atá le tabhairt leat srl. le leanúint sna seachtainí atá romhainn.

**Cúrsa sábháilteachta uisce/ shábháil saoil**

Dáta Molta : Dé Sathairn 25 Bealtaine i gcomhar le Linn Snamh Cuil Aodh.

Is deis iontach é seo scileanna sábháilteachta uisce a chleachtadh.

Beidh an rang roinnt i ngrúpai de 10, ag déanamh CPR, teoiric sábháilteachta uisce agus sa linn snamh, ag baint amach, ag tarrtháil, ag caitheamh fáinne baoi ECT. Timpeall 2 uair san iomlán a bheidh sa rang. Táimid ag súil le deontas a fháil don chuid is mó de chostas an chúrsa seo mar tá na scileanna seo an-tábhachtach do

**Siúlóid Chnoc na Carthanachta**

Dáta : Dé Sathairn 13 Aibreán le treoraithe turais Wild n Happy.

Bealach: Loch Chnoc na Péiste ó Cronin Yard's - Meánleibhéal: 4-6 uair an chloig - níos eachtrúla ná Slí Chiarraí agus go leor staire thart ar an eitleán ón Dara Cogadh Domhanda a tharla ag an láthair seo. Tá súil againn go mbeidh oiread daoine óga agus is féidir linn ar an turas treoraithe seo, deis iontach dóibh siúl ag bunchnoic na hÉireann. Tabharfar fóirdheontas don turas seo ó dheontais a gheobhaidh an club.

Táimid ag súil le teacht le chéile sa halla tar éis an turais le bia ect.

Carthanacht : Tá fáilte roimh gach moladh, cuir téacs isteach iad le do thoil agus déanfaimid liosta gearr le vótáil an tseachtain seo chugainn.




muintearas

Plean Teanga Mhúscraí

Comharchumann Forbartha Mhúscraí



# Beannachtaí na Cásca orabih go léir


## Na hIonaid Lae| Ionad Lae, Baile Bhuirne, Cois Cille, Cill na Martra
## &
## Cuan Barra, Béal Átha an Ghaorthaidh

**DAY CENTRES | IONAD LAE, COIS CILLE & CUAN BARRA**

**FÉ CHÚRÁM**

COMHLACHT TITHE SOISIALTA & FORBARTHA AN TSULÁIN & COISTE TITHÍOCHTA UIBH LAOIRE

Ionad Lae



**Ionad Lae Baile Bhuirne**

Mar gheall ar mhéaduithe leanúnacha inár bhforchostais le blianta anuas, beidh sé riachtanach praghas ár mbéilí a mhéadú den chéad uair le breis agus 6 ½ bliain (1ú Iúil 2017).

Ón
**Máirt, 2 Aibreán 2024,**
ardófar praghas ár ndinnéir **ó €8.00**
in aghaidh an bhéile **go dtí €9.00** an béile.

*Due to continued increases in our overheads over the last few years, it will be necessary to increase the price of our meals for the first time in over 6 ½ years (1st July 2017).*
*From **Tuesday 2nd April, 2024***
*the price of our dinners will increase*
***from €8.00** per meal **to €9.00** per meal*








Cois Cille

Cois Cille, Cill na Martra : Maidin Caife
Dé Céadaoin ag 10.30
Fáilte roimh chách

Cois Cille, Cill na Martra: Cafe Morning
Every Wednesday at 10.30
Everyone welcome






Cuan Barra

Cuan Barra | Eolas ar: **www.bealatha.ie**
Nuacht na Seachtaine
Teil: 026 47777

Cuan Barra | Information is available on the website
wwwbealatha.ie under the weekly Newsletter
Teil 026 47777





# Scéim Sóisialta Tuaithe

## Rural Social Scheme




**Obair idir lámha, ag obair le ...**

**Current work, working with....**

Na Bailte Slachmhara
Helping Tidy Towns

Na Coistí Pobail
Village Development Committees

Slí Gaeltacht Mhúscraí

Na Cumainn Lúthchleas Gael
GAA Pitches

**An bhfuil suim agat?**
**Are you interested?**
**Contact Cian 087 1653 765**



# MÚSCRAÍ GLAS




## ATHRÚ AERÁIDE CAD IS FÉIDIR LINN A DHÉANAMH?

Tá obair idir lámha ag ullmhú Plean Gníomhaíochta don cheantar idir lámha
Más maith leat bheith páirteacht, déan teangmháil linn

Dea-chleachtais
Táimid ag féachaint ar cad atá grúpaí eile á dhéanamh.
Bhíomar ag Gáirdín Pobail agus Siopa Pobail

Más maith leat teacht chuig an chéad turas eile (Myross, Corcaigh, Trá Lí, déan teagmháil linn)

Scéim RESS- Feirmeacha Gaoithe
Conas é a bhainistiú ? Táimid ag déanamh taighde faoi láthair




## CLIMATE CHANGE WHAT CAN WE DO?

The development of a local Climate Action Plan for Múscraí is underway. If you would like to be part of this please contact us

Good practice examples
We are visiting some other groups to see what they are doing.
We visited Community Garden (Timoleague) & Community Shop (Courtmacsherry).

If you are interested in joining future trips to
Myross, Tralee or Cork
let us know

Wind Farms RESS Schemes
How to manage them?
We are investigating the possibilities at the moment

## CÚRSA:

**GAN bia a chaitheamh amú... is féidir linn!**

**How to prevent food waste...we can do it!**

Má tá suim agat...déan teagmháil linn l
If you are interested, contact the Comharchumann



Grá Mhúscraí

# Féile Siúlóide
# 14ú & 15ú Meán Fómhair

Grá Mhúscraí

**Bígí Linn d'Fhéile Siúlóide Ghaeltacht Mhúscraí!**

Tá áthas orainn Féile Siúlóide Ghaeltacht Mhúscraí a fhógairt, a bheidh ar siúl ar an 14ú agus 15ú Meán Fómhair. Tá do thacaíocht an tabhactach dúinne, mar sin cuir ort do bhróga siúil agus bígí linn le haghaidh deireadh seachtaine eachtraíochta agus spraoi.

Tá ceithre shiúlóid iontach beartaithe againn díobh – dhá cheann fhada dóibh siúd a bhfuil grá acu do dhúshlán, agus dhá cheann níos giorra atá foirfe do shiúlóid gan stró. Beidh gach siúlóid treoraithe.

Tá siamsaíocht ar bun againn do thráthnóna Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh agus táimid ag tnúth le oícheanta iontacha bia, dí agus ceoil!

Chun tuilleadh eolais a fháil, lena n-áirítear sonraí ar na siúlóidí, clárú, agus sceideal iomlán na n-imeachtaí, coimead súil ar ár suíomh idirlín: gaeltachtmhuscrai.ie. Déanfaimid é a nuashonrú le gach rud atá uait sna míonna amach romhainn.







**Join us for the Gaeltacht Mhúscraí Walking Festival!**

We are pleased to announce the Gaeltacht Mhúscraí Walking Festival, which will take place on the 14th and 15th of September. Your support means everything to us, so put on your walking boots and join us for a weekend of adventure and fun.

We've planned four fantastic walks for you – two long ones for those who love a challenge, and two shorter ones, perfect for a leisurely stroll.

We've got entertainment lined up for Saturday and Sunday evenings and we're looking forward to some great nights of food, drink and music.

For more information, including details on the walks, registration, and the full schedule of events, keep an eye on our website: gaeltachtmhuscrai.ie. We will update it with everything you need in the coming months.

# CORK SUMMER SHOW

corksummershow.com

Tá áthas orainn a rá go mbeimíd ag Seó Samhraidh Chorcaí arís, ar an 15ú agus 16ú Meitheamh, ag déanamh ionadaíochta ar son Ghaeltacht Mhúscraí. Beimíd ag chuir an cheantar agus an teanga chun cinn le cách. Más as an gceantar thú agus go bhfuil sé ar intinn agat freastal ar an seó, bígí cinnte go stopfá ag an seastán. Tá súil againn go bhfeicfimíd ann sibh!




We are pleased to say that we will be at the Cork Summer Show again, on the 15th and 16th of June, representing the Múscraí Gaeltacht. We will be promoting the area and the language to everyone. If you are from the area and plan to attend the show, be sure to stop by the stand. We hope to see you there!

Gaeltacht Mhúscraí

Tá suíomh turasóireachta Ghaeltacht Mhúscraí beo anois. Tá go leor le cur leis an suíomh Gréasáin fós agus táimid á nuashonrú faoi láthair le himeachtaí atá le teacht agus le h-ábhair eile ón réigiún. Is féidir leat leagan Gaeilge agus Béarla a fháil ar an suíomh!

Téir chuig gaeltachtmhuscrai.ie nó is féidir leat an cód QR ar dheis a scanadh chun teacht ar an suíomh.

The tourism site for Gaeltacht Múscraí is now live. There is still a lot to add to the website and we are currently updating it with upcoming events and other content from the region. You can find an Irish and English version on the site!

Go to gaeltachtmhuscrai.ie or you can scan the QR code on the right to access the site.

# Comórtas Peile na Gaeltachta
# 31 Beal- 3 Meitheamh 2024

**Táimid an-bhródúil agus ar bís go mbeidh Comortas Peile na Gaeltachta ar ais i nGaeltacht Mhúscraí i 2024 agus Cill na Martra mar óstach don chomórtas.**

**Is iontach an t-am é chun an Comórtas a óstáil agus Cill na Martra, a bhaint amach ardú céime go insear A, tar éis Craobh Idirmheánach Chorcaí a bhuachaint anuraidh, agus tar éis Cluiche Ceannais na h-Éireann a shroichaint. Beidh Cill na Martra san iomaíocht dá gcéad teideal Sinsearach Comortas Peile na Gaeltachta ó bunaíodh an comórtas i 1969.**

**Beidh dhá fhoireann as Ghaeltacht Mhúscraí san iomaíocht sa chomórtas.**

**Guímid gach rath ar fhoirne Ghaeltacht Mhúscraí san comórtas agus go dtabharfaidh siad mórtas agus bród don cheantar.**
**Beidh na mílte daoine ag teacht go Cill na Martra agus na sráidbhailte máguaird don deireadh seachtaine agus tá a fhios againn go gcuirfimid fáilte mór rompu.**

**Ní faoin bpeil ar fad atá sé mar tá neart imeachtaí eagraithe ag CLG Cill na Martra thar an deireadh seachtaine, beidh rud éigin ann do chách. Táimid ag súil go mór leis an gceol, craic agus comhluadar! Beidh tú ábalta ticéidí a fháil trí eventbrite.ie i gcomhair na h-imeachtaí go léir. Beidh clár don deireadh seachtaine leis an eolas go léir ag teacht go lua.**

# Paráid Lá 'le Pádraig
# Béal Átha an Ghaorthaidh

Bhí paráid iontach arís i mBéal Átha an Ghaorthaidh i mbliana. Bhí an lá lán le craic agus bhí an t-ádh linn go raibh an aimsir go h-álainn. Comhghairdeas le gach éinne a bhí páirteach.

**Another year, another great Saint Patrick's Day parade in Béal Átha an Ghaorthaidh. It was a fantastic day full of laughs and thankfully the weather was good. Well done to all who took part.**












Comharchumann Forbartha Mhúscraí

Plean Teanga Mhúscraí

# NUACHT LITIR AN EARRAIGH 2024

## Plean Teanga Mhúscraí

## NÍ NEART GO CUR LE CHÉILE



Údarás na Gaeltachta

Táimid ag crónan le chéile

Dórdán

Díchellach

Bridiúil

### FÉILE NAOMH GHOBNAIT 2024

### Meitheal Teanga Chill na Martra

### Meitheal Teanga Réidh na nDoirí

### Meitheal Teanga Chúil Aodha

### RANGANNA CRUINNIS SA GHAEILGE

### Meitheal Teanga Bhéal Átha an Ghaorthaidh

Grá Mhúscraí

gnóthach

Meitheal Teangan Mhúscraí

# Meitheal Teangan - cúlra

Is é atá i gceist ná go mbeidh síolchiste ar fáil do Mheitheal Teangan i ngach sráidbhaile i nGaeltacht Mhúscraí. Tá sár obair ar siúl ag na coistí forbartha agus tá an maoiniú seo ar fáil chun cúnamh a thabhairt dos na coistí forbartha níos mó imeachtaí trí Ghaoluinn a chur ar fáil go leanúnach, ó bhliain go bliain.

Is scéim piólóta é seo ar feadh dhá bhliain.

Tá an Plean Teanga, faoi stúir an Chomharchumainn sásta síol chiste a chur ar fáil do gach Meitheal Teangan ar an mbunús seo a leanas: Pacáiste Gaoluinne a chur ar fáil:



1. An Mórmhaisiú i gCúil Aodha
2. Éispéireas Gaeilge sa Ghaeltacht leis na Gardaí sa Samhradh
3. 'An Cincse'' Domhnach Cincíse i mBaile Mhúirne
4. Comórtas Peile na Gaeltachta 2024
5. Cluichí Oilimpeacha Mhúscraí 2024

## Tograí idir lámha & atá le teacht!

Plean Teanga Mhúscraí



Tír le Teanga Tír le Anam

# Meitheal Teanga Réidh na nDoirí










## Gníomhaí de Meitheal Plean Teanga Réidh na nDoirí ó Mí na Nollag ar aghaidh go 26/03/2024

**Bhain páistí an thaitneamh as dhá sraith de ranganna le ealaíontóir Helen Ní Chuill san Ionad Áise agus beidh ranganna do dhaoine fásta i gcionn tamaill eile.**

**Bhí lá iontach againn ar an 23ú lá de Mí Márta nuair a dhein an t-Athair Seán MacCárthaigh aifreann a cheiliúradh cois toibreacha bheannaithe Lachtaín Naofa. Bhí an t-ádh linn le lá tirim agus dhein na soláistí, ceapairí agus cístí deasa sinn a théamh arís ina dhiaidh. D'éisteamar le cúntaisí an-suimiúil faoi béaloideas agus stair Naomh Lachtaín sa cheanntar seo ó Connie ó Murchú, Gearóid ó hÉalaithe agus Caoimhghín ó Bhuachalla. Ansan bhí amhránaíocht binn ó pháistí na scoile, ó Fiadh agus ó Mattie. Bhí ceol iontach le cloisint ó Phil, Mattie agus Briege comh maith.**
**Tá an Meitheal i mbun curam bricfeasta agus iarscolaíochta a bhunú mar áis riachtanach i Réidh na nDoirí.**
**Ina theannta san leanann an Bingó as Gaoluinn gach oíche Ceadaoin agus bíonn spraoi agus craic againn leis sin. Beidh gan dabdt Fáilte Mór roimh gach éinne a thagann chun triaill a bhaint as aon oíche Céadaoin ar a hocht a chlog san Ionad Áise.**








# Rang Cruinnis sa Ghaeilge ;

**Do fhreastal breis agus ochtar duine ar an gcúrsa seo san Ionad Áise i Réidh na nDoirí. Bhí sé fé chúram an teagascóir Tomás Ó hAodha. D'éirigh go seoigh leis agus táimíd ag súil go gcuirfear tús le chúrsa eile taréis na Cásca. Tuigim go raibh ana spórt ag na daoine a fhreastal ar an gcúrsa, ana chuid plé ar fhocail srl gan amhras tá a fhios againn anois go bhfuil 32 fhocal ann do Pháirc!! Má tá fonn ort nó do cháirde freastal ar chúrsa dá leithéid ní gá ach ríomhphost a sheóladh chugham ag opt@muscrai.org**



# Meitheal teanga Chill na Martra







I mí Eanair agus Feabhra 2024 ritheadh sheisiún ceachtanna aclaíochta ar feadh 6 seachtaine in Ionad Pobail Chill na Martra ag iarraidh béim a chur ar úsáid na Gaoluinne.

Bhí cheiliúradh iontach againn sa pharóiste do Lá 'le Lachtaín - paráid i ndiaidh aifreann an nDomhnach le mórán grúpaí na h-áite páirteach ann, ceiliúradh san Ionad Pobail le sólaistí agus siamsaíocht ann, amhránaithe Aisling Geal agus ceoltóirí Comhaltas Lachtaín Naofa ina measc agus ag críochnú le seisiún ceoil i dTigh Uí Mhurchú.













**Tosaíodh Bun Club Lachtaín san ath bhliain le 35 páiste bunscoile áitiúla cláraithe chun páirt a ghlacadh ann, tacaíocht na dtuismitheoirí chun snas a chur ar a chuid Gaeilge chun feidhmiú mar maoirsigh agus fuíollach gníomhaíochtaí eagraithe acu - turas go Gaillimh chun páirt a ghlacadh in Anfa, seó spraoiúil, ina measc.**

Plean Teanga Mhúscraí

Comharchumann Forbartha Mhúscraí

Grá Mhúscraí

Údarás na Gaeltachta

**Meitheal Teanga**
**Bhéal Átha an Ghaorthaidh**

Beatha agus sláinte chuaibh go léir a cáirde Gael agus Gaeltachta. Táimíd ag pleanáil ar án ndiachall anseo cois locha chun imeachtaí 2024 a bhrú ar aghaidh.

**Bhí óiche cheoil againn I Árd na Laoi 18ú Marta.**






**Tá siuloidí sleibhte timpeall ar Béal Átha ag tosnú 14ú Aibrean.**

## Cluichí Olimpica Mhúscraí 2024
## 14,15,16 Meitheamh.



# AN PEIDHLEACÁN

# MÚRMHAISIÚ I gCÚIL AODHA

Tá an t-am nách mór buailte linn nuair a bheidh an Peidhleacán i gCúil Aodha ag dúiseacht ón a choladh Geimhreadh. Sea go deimhin tá an t-ealaíntóir Denis Ó Riordán geall leis réidh chun a scuab péintála a leaga síos, mar tá sé ag teacht chun deiridh an togra ina ndearnadh coimisiúna air. Tá cluith éadaigh illdaite tugtha aige don peidhleacán agus na sciatháin ag féachaint go gleoite. Tá an coróin Mhuire nách mór ráite agus táim ag súil go dtiocfaidh slua bhreá ó Mhúscraí , ach go h'áirithe pobal Chúil Aodha in ár dteannta don **seoladh oifigiúil a tharlóidh taréis** Aifreann Chúil Aodha **Dé Domhnaigh an 27ú de Aibreán ag Beann tí Teach Muintir Uí Iarflaithe atá le h'ais Séipéal Chúil Aodha**
Beidh Aoi imráiteach is cáiliúil ann linn ar an lá chun an seoladh a dheanamh. Creid é nó ná creid ach tá gaol ag an duine seo leis an Suibhneach Meann.. Pádraigh Mac Suibhne a chum an píosa filíochta seo .Tá an Múrmhaisiú bunaithe ar dhán a chum an file ó Chúil Aodha agus a bhain amach clú agus cáil leis an dán an Peidhleachán. Ba duine de fhili na dúichí é a bhí lárnach in athbhunú na Dámhscoile Mhúscraí Uí Laighin. Thug sé leis an Chéad áit leis an 'Duais Liric' ag Oireachtas na Gaeilge i 1939 leis an Peidhleachán cheánna. Bhí an dán ar siollabas na meánteistiméireacht ar feadh a bhfad. **Beidh fáilte fial flathúil roimh cách teacht inár dteannta ar láan seoladh agus taréis san, chun Áth Leaca le h'ais na Linn Snámha i gCúil Aodha do solaistisí agus siamsíocht.**

.





**An t-Uasal**
**Pádraigh Mac Suibhne**






**Féile Naomh Ghobnait 2024**

**Go raibh míle maith agaibh go léir !!**

**Sea go deimhin bhí ana dheireadh seachtaine againn le linn fhéile Ghobnait. Ó thosach deireadh!**

**Caithfead a rá gan an chabhair is tacaíocht go léir a fuaras ón bpobal féin agus daoine ar leith, mar aon le comhlachtaí is gnóthaí na h'áite, ní bheadh sé taréis teacht le chéile mar a dhein. Leis an rath iontach a bhí ar an bhfhéile go h'iomlán gan bacaint a rá gur éirigh thar chionn le gach imeacht a tharla ó mhaidin Dé h'Aoine an 9ú Feabhra go dtí tráthnóna Domhnaigh an 11ú Feabhra, Lá le Ghobnait. Níl sé ach ceart is cóir buíochas ó chroí a ghabháil leo seo a leanas;**

Plean Teanga Mhúscraí
Comharchumann Forbartha Mhúscraí
Údarás na Gaeltachta
Cork County Council Comhairle Contae Chorcaí

MILLS INN EST. 1755
KINSALE MEAD CO.
RPH ROCHESTOWN PARK HOTEL

FOLLÁIN



Grá Mhúscraí

# Féile Ghobnait 2024

Go raibh míle maith agaibh go léir !!

Sea go deimhin bhí ana dheireadh seachtaine againn le linn fhéile Ghobnait. Ó thosach deireadh! Caithfead a rá gan an chabhair is tacaíocht go léir a fuarthas ón bpobal féin agus daoine ar leith, mar aon le comhlachtaí is gnóthaí na h'áite, ní bheadh sé taréis teacht le chéile mar a dhein, leis an rath iontach a bhí ar an fhéile go h'iomlán gan bachaint a rá gur éirigh thar chionn le gach imeacht a tharla ó mhaidin Dé h'Aoine an 9ú Feabhra tríd go dtí tráthnóna Domhnaigh an 11ú Feabhra, Lá le Ghobnait. Níl sé ach ceart is cóir buíochas ó chroí a ghabháil leo seo a leanas;

## Comhlachaithe ar an dtogra;

An t'Athair Seán Mac Cárthaigh, An Doctúir Connie Ní Chéilleachair a raibh sé de pribhléid againn comhoibriú leo.

## Ár mbuíochas as na comhaltachtaí a thug urraíocht dúinn le linn na deireadh seachtaine;

Folláin teo as an ciseán ullmhór agus na prócaí uachtar beola ;
Nine White Deer a dhein sholáthar ar an beoir 'Bragóid Ghobnatan'.
Mil Ghobnatan O Bhaile Mhúirne le Don is Jack Ó Ceallaigh An Sliabh Riabhach, Baile Mhúirne;
An Rochestown Park/An t-Uasal Seán Ó Liatháin thug dearbhán mar duais do Banríon na mBeach.
Kinsale Meade a thug an Míod do Shuipéir Ghobnait ar an Aoine.
An Roinn Oidhreachta is Cultúrtha Comhairle chontae Chorcaí.

## Na h'Ealaíontóirí seo;

Úna Keating as an chur le chéile an súiteán ealaín 'Naomh Ghobnait' san Ionad Cultúrtha, agus a thug iasacht dúinn dá bpictiúir a dhein sí de Ghobnait mar aon leis na h'ealaíontóirí seo i leanas; Máire Ní Shúilleabháin, Pauline Dodds, Demeldza, An t'Athair Diarmuid ó Riordáin agus m'athair Micheál Ó Lionáird beannacht Dé leo beirt.

Ár mbuíochas leis an dhá teach ósta i mBaile Mhúirne as an fáilte fial flaithiúil a thugadar dúinn agus d'ár gcuairteoirí ach go h'áirithe pobal Inis Oírr. Clodagh, Gobnait agus Don/Muintir Uí Laoirean Muileann mar aon Micheál agus Mary/Muintir Uí ChríodáinÓstán Ghobnatan Ár mbuíochas chomh maith leis na foirne oibre sa dhá óstán.

## Aíonna spesialta ar an Satharn ;

An t-Easpag William Crean , John Hayes/an dealbhadóir, Peadar Ó Riada, Finbarr Moore , Tiernan Gaffney agus Con Ó Loingsigh.

## Na h'éascaitheoirí eile a thug cabhair is tacaíocht le linn na féile;

Billy Ó Éalaithe, Gerry Mac Bride,Dan Ó Chéilleachair, Micheál ó Ceallacháin, Ból Chumann na h'Éireann, Ciara Ní Loingsigh, Catherine Ketch, Nóra Ní Luasa, Mairéad Ní Thuama, Amanda Looney, An t'Ionad Cultúrtha Baile Mhúirne mar aon le Liadh Ní Riada, Ellen De Búrca, Hannie Corkery, Clíonadh Uí Dhuinnín agus Seán Óg Ó Dúinnín, Fiona Ní Dhuinnin, Connor Ó Céilleachair agus an Gadaí Dubh, Mairéad Uí Riordin agus Seán Ó Chéilleachair, Emma Langford, Ally Ó Riada, Lorraine Ní Thuama agus Scoil Rince Uí Thuama mar aon leis na ceoltóirí ar an oíche, Gerard 'Free' Ó Loingsigh, agus gan amhras coiste Scrín Ghobnatan. An Searsaint Joan Meaney agus na Gárdaí a thug cúnamh dúinn le linn na féile ach go h'áirithe le linn an chomórtas babhlála.

Ba mhaith liom go pearsanta mo bhuíochas a ghabháil le mo chomhlachaithe Áine Ní Seoighe an t-Oifigeach Pleanála Teanga thuas in Inis Oírr, a thug breis ia fiche oilithrigh ó Pobal na h'oileáin léi don ócáid. Thugadar píosa ealaín leo ar an mbus don fhéile, an Currach An Naomh Ghobnait atá láimh déanta is deartha ag an ealaíontóir iomráiteach Kathleen Furey. Do chur siad go mór leis an Fhéile.




# *Dé hAoine 9ú Feabhra*

# AN FÁILTIÚ




Bhíomar ag feitheamh go foighneach agus sceitimíní orainn go dtiocfadh bus oilthrigh ó Inis Oírr ar an láthair go dtí Óstán Ghobnathan san iarnóin an Aoine an 9ú Feabhra. Agus shroiseadar a gceann scríbe ag a 4 a chlog agus iad go fonnmhar agus lán de ghiodam ag tnúth leis na h'imeachtaí uilig le linn na féile.

B'í Áine Ní Seoighe Oifigeach Pleanála Teanga na h'oileáin a bhailigh pobal Inis Oírr le chéile don cheiliúradh fhéile Naomh Ghobnait atá mar Naomh Patrún acu chomh maith a cheiliúradh i measc pobal Mhúscraí.






# AN SUIPÉAR



**Bhí nua gach a bhia agus nua gach a dí**
curtha ar fáil ag muintir Uí Laoire agus an fhoireann sa chistin, Aodh ach go h,áirtite. Dhein an Plean Teanga i gcomhpháirtíocht leis an Grúdlann 9White deer coimisinú ar beoir spesialta ar a thugadar ‘Bragóid Ghobnatan’ a bhíinsealadh le Mhil ó Bhaile Mhúirne. Bhí sí thar a bheith blasta. Tháinig Míod Cion tSaile ar an láithir agus dheineadar urríocht ar  Mhíod don ócáid.

Bhí ceol gleoite agus siamsíocht ar leith curtha ar fáil ag **Ellen De Búrca** a sheimhin an Chruit agus an Feadóg stáin mar aon le is taispeántas bosca ceóil. Chur sí go mór le  t-atmaisféar na hócáide






**Bainisteoir CFM Teo. Caroline Ní Nualain agus an t-Oifigeach Turasóireachta Iarla ó Tuama i gcomhluadar Foireann 9White an Ghrúdlann agus mé fein ag 'Supiéar Ghobnait'.**



**an tUasal Pádraig De Barra /Míod Cion tSáile ag tabhairt blaise Míoda do daoine a fhreastal ar an suipéar.**

**Miodh-Chuach**



# Siamsíocht oiche an t-suipéir

Plean Teanga Mhúscraí





MILLS INN
EST. 1755

Comharchumann Forbartha Mhúscraí



KINSALE
MEAD CO.



Grá Mhúscraí







# Seoladh na Deilbh Nua.






**An t-Easpag Liam Crean a sheól dhá mhasasamhail de dealbh adhmaid Naomh Ghobnait san Ionad Cultúrtha i mBaile Mhúirne**




**An Seandálaí Dr. Connie Ní Chéilleachair, An t-Easpag Liam Crean, An Sagart Paróiste Seán Mc Cárthaigh, An Dealbhadóir John Hayes. I dteannta an 2 dealbh nua agus an ceann ársa. Chomh maith le sin tá an currach Naomh Ghobnait a thainigh ós na h'oileán árann Inis Oírr don fhéile.**

Cork County Council
Comhairle Contae Chorcaí

Plean Teanga Mhúscraí

Comharchumann Forbartha Mhúscraí

Údarás na Gaeltachta




# Na Léachtaí/ Léachtóirí

Plean Teanga Mhúscraí



Labhair **an Dr Connie Ní Chéilleachair** faoi an tabht cultúrtha ai gcursaí seandaíochta atá ag baint leis an dealbh amhaid de Naomh Ghobnait atáar a bhfód ón 13 aois , agus an cosaint ar chóir a thabhairt di.



Thug an seandálaí **Tiernan Gaffney** ón t- Árd Mhusaeim  caint ar stair na mBeach sa Bhéaloideas. Tá taispeántas faoi láthair sa mhusaem sin i Maigheo ar 'Crónán na mBeach'.



Labhair **Finbarr Moore** faoi **Naomh Abán agus** stair na hÉireann maidir le scríobhnóireacht Ogham. Luaigh sé chomh maith go mbeadh toschailt pleanálta ag an roinn seandaliochta na h'ollscoille ar suíomh agus timpleacccht chill Abáin




Thug an Beachadóir agus ceoltóir **Peadar Ó Riada** léiriúchán agus caint ar an coirceóg traidisiúnta na nbeach in Éireann. Sin An **sceip.** Labhair sé chomh maith leis an tabhtacht atá le beacha i saol an cinne daona. Sheimhin sé píosa ceóil chomh maith ag baint úsáid as crónánn na mbeach.



Labhair scríobhnóir áitiúil an **t'Uasal Con Ó Loingsigh** ar an leabhar a scríobh sé ar Naomh Ghobnait agus an aistear a thóg sí.

Cork County Council
Comhairle Contae Chorcaí




Chuireamar le chéile, tóraíocht taisce na bhFianna Bána de chuid Ghobnait, i gCoill Naomh Gobnait, áit ar tháinig breis agus 80 leanbh agus tuismitheoir chun cabhrú linn iad go léir a aimsiú. Do chabhraigh grúpaí le chéile, ag baint suilt as eispéireas spraíúil agus mealltach. Lá iontach a bhí ann, agus táimid buíoch de gach duine a tháinig linn. Buíochas ar leith do Billy Ó hÉalaithe as a chuid cabhar ar fad.

We hosted a treasure hunt for Gobnait's nine white deer in Saint Gobnait's Wood, where over 80 children and parents came to help us find them all. Groups searched the woods together, enjoying a fun and engaging experience. It was a great day, and we're grateful to everyone who joined us. Thank you all for your help and for making the event a success. A special thanks to Billy Ó hÉalaithe for all his help.















Chuireamar le chéile, tóraíocht taisce na bhFianna Bána de chuid Ghobnait, i gCoill Naomh Gobnait, áit ar tháinig breis agus 80 leanbh agus tuismitheoir chun cabhrú linn iad go léir a aimsiú. Do chabhraigh grúpaí le chéile, ag baint suilt as eispéireas spraíúil agus mealltach. Lá iontach a bhí ann, agus táimid buíoch de gach duine a tháinig linn. Buíochas ar leith do Billy Ó hÉalaithe as a chuid cabhar ar fad.

We hosted a treasure hunt for Gobnait's nine white deer in Saint Gobnait's Wood, where over 80 children and parents came to help us find them all. Groups searched the woods together, enjoying a fun and engaging experience. It was a great day, and we're grateful to everyone who joined us. Thank you all for your help and for making the event a success. A special thanks to Billy Ó hÉalaithe for all his help.













# Siúlóidí
# Féile Ghobnatan
# le Lee Valley Walks



Mar chuid d'fhéile Naomh Gobnait, bhí dhá shiúlóid treoraithe againn, ceann ar an Satharn agus ceann ar an Domhnach, timpeall Scrín Naomh Gobnait. Ba í Catherine Ketch ó Lee Valley Walking a stiúir na siúlóidí. Eispéireas iontach a bhí ann. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le Catherine agus le gach duine a ghlac páirt sna siúlóidí.



As part of Saint Gobnait's festival, we had two guided walks, one on Saturday and one Sunday, around Saint Gobnait's Shrine. The walks were led by Catherine Ketch of Lee Valley Walking. It was a fantastic experience by all accounts. We would like to thank Catherine and all who participated in the walks.

FOLLÁIN







# Glaoch Ghobnait & An Comórtas Babhlála.

Tháinigh breis is 30 Ghobnait go Baile Mhúirne le h'aghaidh an chomórtas babhlála.Ghlac Muintir Inis Oírr páirt sa chomórtas chomh maith, rud ná faca siad riabh gan chaint fiú ar scór a chaitheamh. Bhí an chomórtas ana iomaíoch. agus i ndeireadh na dála ní féidir ach buaiteoir amháin a bheith ann. Thug cailín áitiúl an sway léi leis an chéad áit agus bronnadh **buanchorn Ghobnait Ní Thuama** ar **Eibhlín Gobnait Ní Chríodáin** . Bhí go leór spórt againn ar an láthair le gárdaí ag iomaíocht agus ag breith ar na daoine dána.





Plean Teanga Mhúscraí

Grá Mhúscraí

Comharchumann Forbartha Mhúscraí

Údarás na Gaeltachta



**Ceólchoirm Emma Langford**

**Bhí an t'Ionad Cultúrtha ag bruachtíl go doras leis an lucht féachanna a fhreastal ar an gceolchoirm iontach a chur an t'amhránaí Emma Langford agus a chuid ceoltóirí ós ár gcomhair oiche Dé Satharn 10ú Feabhra.**



**Siobhán Bn. Uí Dhuinnín agus a h'iníon Esther agus a h'iníon**



**Eibhlín Bn. Uí Bhuachla óChluain Droichead a fhreastal ar an gceolchoirm i dteannta a triúr h'iníon,
duine ach atá ina cónaí sna h'oileáin Árainn.**

Comharchumann Forbartha Mhúscraí | Grá Mhúscraí | Plean Teanga Mhúscraí

MILLS INN EST. 1755

Plean Teanga Mhúscraí

RPH ROCHESTOWN PARK HOTEL

# Banríon na mBeach

Grá Mhúscraí



**Clionadh Uí Dhuinnín** an moltóir a chur an choróin ar **Katie Duggan** O Lasthiar de Mhaighchromtha.

Ní bhíonn ach Banríon amháin in aon cuirceóg Beach ach bhí breis is ceatharr ar an láthair sa Mhuileann i mBaile Mhúirne oiche Shatharn le linn na feile. Bhíodar ag crónán agus ag rinnce agus ag píoparnach timpeall ar builleadh gur fuair ceann amháin an laimh uachtar ar an trí chinn eile agus cuireadh an coróin uirthi .

Comharchumann Forbartha Mhúscraí



**Seán Óg Ó Duinnín** ag cur agallamh ar na h'iomatheoirí sa chomórtas agus **Ester** a dheirfiúr ina dteanta





DIOCESE OF

# Lá le Gobnait



**Tháinigh oilithrigh ó chian is ó chongar chun omós a thabhairt do Ghobnait,Naomh Patrún Ar bparóiste ar a lá fhéile. Do fhreastal siad ar an 3 aifreann agus thanadar chun tomhas Ghbnatan a thógaint nós agus traidisiún atá beo anseo i Múscraí leis na cianta blian. Tá an deabhóid seo fós á scaipeadh ó ghuain go gluain. Seo seód luachamhar d'ár noidhreacht.**









Comharchumann Forbartha Mhúscraí

Plean Teanga Mhúscraí

Grá Mhúscraí

Cork County Council
Comhairle Contae Chorcaí

# Clabhsúr na féile.

Chuir Scoil Rinnce Uí Thuama an Oiche thaithneamhach ós cóir pobal na h'áite agus ós cóir cuairteoirí na féile le léiriúchán an spesailta de scéal agus aistear Naomh Ghobnait ó Inis Oírr go Baile Mhúirne.
D'inis siad scéalta béaloidis a bhaineann le Gobnait sa léiriúchán.





Plean Teanga Mhúscraí



A Ghobnait an dúchais
A bhíodh i mBaile Mhúirne
Go dtaga tú chugamsa
Le d'chabhair is le d'chúnamh

Gaeltacht Mhúscraí

Tá an nuachtlitir curtha le chéile ag Comharchumann Forbartha Mhúscraí . 'Sé an aidhm atá againn ná blaiseadh a thabhairt ar chuid den obair atá déanta, agus ar siúl, i nGaeltacht Mhúscraí

Comharchumann Forbartha Mhúscraí prepared this newsletter.
The aim is to provide a sample of some of the great work that is going on, and planned within Gaeltacht Mhúscraí

Comharchumann Forbartha Mhúscraí

Plean Teanga Mhúscraí

Grá Mhúscraí

Comharchumann Forbartha Mhúscraí & GTeic
Gteic, Páirc Ghnó Bhéal Átha an Ghaorthaidh
Maighchromtha, Co. Chorcaí P12 PX22

083 191 5432
eolas@muscrai.org
www.muscrai.org

Údarás na Gaeltachta

Gaeltacht na hÉireann

gteic @BÉAL ÁTHA AN GHAORTHAIDH

S20 STRAITÉIS 20 BLIAIN DON GHAEILGE 2010-2030
Ár dTeanga, Ár bPobal

connectedhubs

Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil
Environment, Community and Local Government

PURE CORK

Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council

ESB

muinteaRas